Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13707/25**

**CADREFIN 247**
**FIN 1175**
**POLGEN 157**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034<br>– Díospóireacht bheartais |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 16 Iúil agus an 3 Meán Fómhair 2025, thíolaic an Coimisiún pacáiste tograí uaidh maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028–2034. I gcomhréir leis an bplé a rinneadh ag Comhairle Gnóthaí Ginearálta mhí Iúil, féachfaidh an Uachtaránacht leis an obair ar an bpacáiste a chur chun cinn ar bhealach cuimsitheach agus a luaithe is féidir.

2. Tar éis na chéad díospóireachta beartais ag cruinniú na Comhairle Gnóthaí Ginearálta an 18 Iúil 2025, chuir an Uachtaránacht tús leis an obair ar an leibhéal teicniúil chun gnéithe féideartha le haghaidh dréacht-Bhosca Caibidlíochta a bheidh ann amach anseo a shainaithint sa Mheitheal *ad hoc* maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar CAI. Ag an am céanna, chuir na foghrúpaí Comhpháirtíochtaí Náisiúnta agus Réigiúnacha, an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda tús le scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe sin de na tograí nach bhfuil idir lúibíní, agus rinne an Mheitheal um Acmhainní Dílse (WPOR) scrúdú ar na tograí maidir le hacmhainní dílse. Thairis sin, scrúdaigh comhlachtaí ullmhúcháin eile na codanna sin de na tograí earnála a bhí fanta nach bhfuil idir lúibíní.

3. Chun an obair a éascú ar gach leibhéal, is mian leis an Uachtaránacht leanúint de na hairí a choinneáil ar an eolas faoin scrúdú ar phacáiste CAI sa Chomhairle. Sa chéad tuarascáil, leagtar amach an obair a rinneadh ó bhí an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta ann ar bhonn an phlé a rinneadh sa Mheitheal *ad hoc* maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar CAI idir lár mhí Iúil agus tús mhí Dheireadh Fómhair 2025.

4. An 31 Iúil 2025, faoi chuimsiú na Meithle *ad hoc* maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar CAI, scaip an Uachtaránacht ceistneoir arb é is aidhm dó cead a thabhairt do na toscaireachtaí a dtuairimí tosaigh a roinnt maidir le tograí CAI 2028-2034, a bhí cnuasaithe thart ar shé phríomhthéama: struchtúr CAI, solúbthacht, tionchar agus feidhmíocht, riarachán, cosaint leasanna airgeadais agus ioncaim an Aontais.

5. Leis an bplé a rinneadh sa Mheitheal *ad hoc* maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar CAI, cumhdaíodh gnéithe téamacha, gnéithe nós imeachta agus gnéithe cothrománacha na dtograí atá idir lúibíní, rudaí ar minic a bhíonn bileoga míniúcháin agus cuir i láthair ón gCoimisiún Eorpach ag teacht leo. Cuireadh Coreper ar an eolas faoin obair a rinneadh agus bhí an chéad seisiún tuairimíochta aige an 24 Meán Fómhair 2025. Leanann an Coimisiún den obair ar an leibhéal teicniúil a éascú, go háirithe freagraí a thabhairt ar bharúlacha agus ar cheisteanna na dtoscaireachtaí.

6. Ar bhonn an phlé sin, shainaithin an Uachtaránacht gnéithe féideartha le haghaidh dréacht-Bhosca Caibidlíochta a bheidh ann amach anseo, agus é mar aidhm aici forléargas cuimsitheach a thabhairt ar na saincheisteanna agus ar na roghanna féideartha nach mór a phlé agus a chuíchóiriú a thuilleadh ar an leibhéal polaitiúil. Déantar na gnéithe féideartha le haghaidh dréacht-Bhosca Caibidlíochta a bheadh ann amach anseo a tharraingt suas agus a fhorbairt faoi fhreagracht na hUachtaránachta amháin. Ní bheidh siad ina gceangal ar aon toscaireacht.

## II. <u>STAID NA hIMEARTHA SA CHOMHAIRLE</u>

7. Pléadh sa Mheitheal *ad hoc* maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar CAI gnéithe cothrománacha thogra CAI, chomh maith le gnéithe de na tograí atá idir lúibíní faoi Cheannteideal 2 (‘Iomaíochas, Rathúnas agus Slándáil’) chun an dréacht-Bhosca Caibidlíochta a bheidh ann amach anseo a ullmhú.

8. Is obair leanúnach atá i gceist leis na gnéithe féideartha le haghaidh dréacht-Bhosca Caibidlíochta a bheidh ann amach anseo a shainaithint, ós rud é go leanfar d’fhorbairt a dhéanamh ar na gnéithe sin chun an plé sa Mheitheal *ad hoc* maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar CAI, WPOR, Coreper agus sa Chomhairle Gnóthaí Ginearálta a chur san áireamh.

9. Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht filleadh ar an gComhairle Gnóthaí Ginearálta i mí na Samhna chun plé a dhéanamh ar na gnéithe sin a bhaineann le Ceannteideal 1 atá idir lúibíní ('Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht, rathúnas agus slándáil tuaithe agus muirí'), agus i mí na Nollag, ar na gnéithe sin a bhaineann le Ceannteidil 3 agus 4 ('An Eoraip Dhomhanda' agus 'Riarachán') agus le hioncam, chun an chéad dréacht-Bhosca Caibidlíochta a ullmhú roimh an gComhairle Eorpach i mí na Nollag.

## III. <u>ÁBHAR PLÉ DO NA hAIRÍ</u>

10. Thug an Uachtaránacht dá haire na barúlacha a chuir na toscaireachtaí in iúl le linn an phlé ullmhúcháin. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hairí díriú ar na saincheisteanna is tábhachtaí ó thaobh na polaitíochta de, dar leo, chun freagra a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas maidir le gnéithe cothrománacha agus Ceannteideal 2 de thogra CAI:

*Agus aird á tabhairt ar an struchtúr cuíchóirithe atá beartaithe le haghaidh CAI, cé mar is féidir le buiséad an Aontais aghaidh a thabhairt go héifeachtúil ar chuspóirí an tsimplithe, na hintuarthachta, an tionchair agus na freagrúlachta a bhfuil struchtúr láidir rialachais mar bhonn taca leo?*

*Iomaíochas, rathúnas agus slándáil na hEorpa a neartú is aidhm do na tograí faoi Cheannteideal 2. Cén chaoi is fearr is féidir linn na cuspóirí sin a bhaint amach?*